# Vóta 13 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

# Réamhrá

Mar an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, is gá dom an Cuntas Leithreasaithe a ullmhú gach bliain don Vóta, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, tá cuntas ullmhaithe agus ceangailte agam leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí i gcabhair .

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6 mar chuid den Chuntas.

**Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta**

Feidhmíodh na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le táirgeadh Cuntas Leithreasaithe nuair a bhí an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, sholáthraigh mé ráiteas san fhormáid chaighdeánach faoin gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a fheidhmíonn in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Glacadh na céimeanna seo a leanas, nó tá siad á mbeartú, chun rialuithe inmheánacha a fheabhsú.

***Slándáil na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide***

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais a mhaolaíonn príomhrioscaí slándála a bhaineann leis an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TEC). Is próiseas leanúnach é athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá sin, na gcóras slándála TEC. I 2011 rinne an Oifig a cuid córas balla dóiteáin agus a hiomarcaíocht thógtha a uasghrádú le teip an chórais a cheadú gan cur isteach ar na húsáideoirí.

***Rialuithe Riaracháin agus Airgeadais***

Athbhreithníonn an MAC agus an Coiste Iniúchóireachta na rialuithe go rialta. All internal audit reports are considered by the joint MAC. Cuireadh athbhreithniú deisce de na gnáthaimh airgeadais i láthair an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Choiste Iniúchta i Mí Mheán Fómhair 2011. Tá an Oifig i mbun chur i gcrích na moltaí.

**Eileen Creedon**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
30 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 13: Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCártaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Iúil 2012

# Vóta 13 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1. | Tuarastail, pá agus liúntais | 14,995 | 14,404 | 14,539 |
| A.2. | Taisteal agus cothú | 61 | 61 | 57 |
| A.3. | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,070 | 991 | 947 |
| A.4. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 400 | 339 | 369 |
| A.5. | Trealamh oifige agus seirbhísí IT | 835 | 716 | 738 |
| A.6. | Costais áitreabh oifige | 412 | 445 | 359 |
| A.7. | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 29 | 20 | 18 |
| A.8. | Seirbhísí dlí seachtracha | 280 | 147 | 241 |
| **Seirbhísí Eile** | | | | |
| B. | Táillí d'abhcóidí | 14,350 | 10,268 | 12,372 |
| C. | Gnáthchostais dlí | 3,616 | 5,524 | 3,942 |
| | **Ollchaiteachas** | **36,048** | **32,915** | **33,582** |
| | **Asbhain** | | | |
| D. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,860** | **2,332** | **1,958** |
| | **Glanchaiteachas** | **34,188** | **30,583** | **31,624** |
| | **Barrachas le géilleadh** | | **€3,605,195** | **€3,187,222** |

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 17,123 | 17,268 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 15,792 | 16,314 |
| **Ollchaiteachas** | | | 32,915 | 33,582 |
| Asbhain | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 2,332 | 1,958 |
| **Glanchaiteachas** | | | 30,583 | 31,624 |
| **Athruithe sna sócmhainní caipitiúla** | | | | |
| Airgead ar cheannacháin | | (292) | | |
| Dímheas | | 362 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | 1 | 71 | 157 |
| **Athruithe i sócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | | (25) | — |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | (2,080) | | |
| Méadú ar stoc | | (6) | | |
| | | | (2,086) | (915) |
| **Caiteachas díreach** | | | 28,543 | 30,866 |
| **Caiteachas atá mar mhuirear áit eile** | | | | |
| Caiteachas ar ghlanseirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 2,136 | 2,754 |
| Cíosanna barúlacha | | | 826 | 1,239 |
| **Iomlán costas oibriúcháin** | | | 31,505 | 34,859 |

### 1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Tá an méid glanchaiteachais ar seirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas faoi Vóta 13, atá mar mhuirir áit eile.

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 6 | Airgeadas | 98 | 105 |
| 7 | Pinsean agus Liúntais Scoir | 1,410 | 1,865 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 628 | 784 |
| | | 2,136 | 2,754 |

## 2 Clár Comdardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.1 | 900 | 971 |
| **Sócmhainní caipitiúla atá á bhforbairt** | 2.2 | 25 | — |
| | | **925** | **971** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 67 | 61 |
| Réamhíocaíochtaí | | 154 | 96 |
| Ioncam fabhraithe | | 8,637 | 6,159 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 129 | 82 |
| Glandliteanas donn Státchiste | 2.7 | 1,996 | (32) |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **10,983** | **6,366** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 215 | (2,725) |
| Costais fhabhraithe | | 1,402 | 946 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,910 | 2,775 |
| **Iomlán dliteanas reatha** | | **3,527** | **996** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **7,456** | **5,370** |
| **Glansócmhainní** | | **8,381** | **6,341** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **8,381** | **6,341** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitiúla

| | Trealamh oifige | Troscáin agus feisteas | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | 3,807 | 1,559 | 5,366 |
| Breiseanna | 152 | 140 | 292 |
| Diúscsairtí | (148) | (4) | (152) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 3,811 | 1,695 | 5,506 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | 3,297 | 1,098 | 4,395 |
| Dímheas don bhliain | 273 | 89 | 362 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (147) | (4) | (151) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2011 | 3,423 | 1,183 | 4,606 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **388** | **512** | **900** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **510** | **461** | **971** |

### 2.2 Sócmhainní Caipitiúla atá á bhforbairt

| | Ríomh-fheidhmeanna |
|---|---|
| | €000 |
| Méid tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2011 | — |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 25 |
| Aistrithe chuig clár na sócmhainní | — |
| Méid tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2011 | 25 |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna agus airgead OPG | 23 | 6,475 |
| Orduithe amuigh | (238) | (3,750) |
| | (215) | 2,725 |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 67 | 61 |

## 2.5 Iarmhéideannna Eile Dochair

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | 129 | 82 |

## 2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 248 | 202 |
| Árachas Sóisialach Pá Choibhneasta | 107 | 128 |
| Cáin Iarchoinnéalach do Sheirbhísí Gairmiúla | 410 | 380 |
| Cáin Bhreisluacha | 7 | 4 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 52 | 51 |
| | 824 | 765 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 55 | 55 |
| Míreanna eile sochair ar fionraí | 1,031 | 1,955 |
| | 1,910 | 2,775 |

## 2.7 Glandliteanas ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Leithreasaí barrachais le géilleadh | 3,605 | 3,187 |
| Deontas Státchiste neamhtarraingthe | (5,601) | (3,155) |
| Glandliteanas ón Státchiste | (1,996) | 32 |
| | | |
| **Léirithe mar:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 129 | 82 |
| | 129 | 82 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (215) | 2,725 |
| Dlite don Stát | (824) | (765) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,086) | (2,010) |
| | (2,125) | (50) |
| | | |
| | (1,996) | 32 |

## 2.8 Tiomantais

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iomlán na gconarthaí in-fhorghníomhaithe le dlí | 893 | 976 |

Cé go raibh ceangaltais ar an Oifig i leith táillí dlí ag deireadh na bliana, níl siad seo inchainníochtaithe ar dhóigh shuntasach agus tá siad faoi réir neamhchinnteachtaí bunúsacha agus fachtóirí nach féidir a thuar ach a bhaineann go ginearálta le réamhaisnéisí faoi chostais dlí. Tá siad freisin, áfach, faoi réir rialuithe atá dírithe ar riaradh costas agus ar bhreithniú teorainneacha buiséid.

## 2.9 Dliteanais Aibithe

Ba é €23,016 méid na ndliteanas aibithe a bhí neamhscaoilte ag 31 Nollaig 2011.

## 3 Athrúcháin Caiteachais

Tugtar míniú thíos ar gach fotheideal caitheachais a raibh athrú idir an toradh air agus an méid a foráladh dó, de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5% (25% i gcás fotheidil riaracháin).

| Fo-theideal | Níos lú/(mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.8. | 133 | Déanann an fo-cheannteideal seo soláthar d'úsáid dlíodóirí áitiúla le cásanna a láimhseáil i gcúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá sé an-deacair tuar a dhéanamh faoi líon na gcásanna den chineál seo a eascróidh i mbliain ar leith nó na táillí a eascróidh má bhíonn an cás lasmuigh den ghnáthraon oibre. |
| B | 4,082 | Bíonn caiteachas ar an bhfo-cheannteideal seo ag brath ar leibhéal na gníomhaíochta sna cúirteanna agus mar sin de bíonn sé deacair é a thuar. Nuair a bhí an meastachán do 2011 á ullmhú, ní raibh aon rud ag tabhairt le fios go laghdófaí leibhéal na gníomhaíochta go ginearálta i 2011. Leanann an Oifig uirthi de bheith ag bainistiú an fho-cheannteidil seo ar bhonn gníomhach le barainneacht níos mó a bhaint amach. |
| C | (1,908) | Cuirtear an barrachas ar fad síos do mhéadú ar an leibhéal íocaíochtaí faoi scéim an AA a riarann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus a aisíocann OPAS. Tá treochtaí faoi scéim á mbreithniú go leanúnach ag an Roinn agus ag an Oifig. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Faighte €000 | 2010 Faighte €000 |
|---|---|---|---|
| 1.Costais agus táillí atá faighte ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 1,000 | 1,382 | 1,039 |
| 2. Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 860 | 950 | 919 |
| **Iomlán** | 1,860 | 2,332 | 1,958 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**
Tugtar míniú thíos faoi gach ceannteideal ina raibh athrú idir toradh agus an méid a measúnaíodh de bhreis ar €100,000 agus de bhreis ar 5%.

| Ceann-teideal | Níos lú/(mó) ná a measúnaíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1 | (382) | Ní féidir a thuar go cruinn na costais a dháfar ar an Stát agus na táillí iarbhír a aisghafar in aon bhliain ar leith. |

### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha don Státchiste
Lóisteáladh €21,003 in iomlán don Státchiste faoin Acht Maoine Stáit, 1954.

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisigh lánaimseartha) | 224 | 225 |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 13,326 | 13,462 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 87 | 83 |
| Liúntais eile | 13 | 8 |
| Ragobair | 28 | 43 |
| ÁSPC Fostóra | 950 | 943 |
| **Pá Iomlán** | **14,404** | **14,539** |

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Uas-íocaíocht aonair 2011 € | Uas-íocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 33 | 1 | 10,914 | 10,925 |
| Ragobair agus freastal breise | 22 | — | 6,873 | 10,261 |
| Liúntais eile | 5 | — | 5,401 | 3,077 |

**Nóta:** Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Caillteanais agus Díscríobh

Deonaíodh ceadú do dhíscríobh iarmhéideanna fionraí stairiúla Cánach Siarchoinneálaí Seirbhísí Gairmiúla de €28,685.